

Gaelscoileanna

“....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann.”

Nuachtlitir an tSamhraidh 2013

Nuacht na hEarnála

Próiseas Iontrála i Scoileanna lán-Ghaeilge - cosaint do shainmheon na Gaeilge

Tá dréacht bhille á ullmhú ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun rialachán a chur faoin gcleachtas iontrála i scoileanna uile na tíre, scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus an iarbhunleibhéal ina measc. Tá fógartha ag an Aire go dteastaíonn uaidh go mbeidh deireadh leis an gcleachtas ina ndéanann scoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do theaghlaigh lán-Ghaeilge. Tá córas aonchineálach á mholadh ag an Aire nach dtógann cosaint sainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh.

Aithnímid go bhfuil cleachtais agus polasaithe éagsúla ag scoileanna i dtaobh cúrsaí iontrála agus an Ghaeilge. Tá scoileanna ann a leagann síos go dtabharfar tús áite do pháistí ó theaghlaigh Ghaeilge, scoileanna eile go dtabharfar tús áite do theaghlaigh a léiríonn tiomantas do chur chun cinn na teanga, agus scoileanna eile nach sonraíonn ceist na Gaeilge. In ainneoin polasaithe éagsúla, creidimid gur ceart go mbeadh an rogha ag scoileanna an sainmheon teanga a chosaint tríd an bpróiseas iontrála, más cuí do chúinsí na scoile agus pobal na scoile.

I measc na moltaí atá á gcur chun cinn ag GAELSCOILEANNA TEO., áirítear go mbeidh sé de cheart ag scoileanna lán-Ghaeilge rogha a bheith acu tús áite a thabhairt do pháistí theaghlaigh lán-Ghaeilge ina bpróiseas rollaithe agus go mbeidh sé de cheart ag iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do pháistí a d'fhreastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá feachtas litreacha idir lámha

againn faoi láthair agus bheimis fíor-bhuíoch do scoileanna as tacaíocht a léiriú dá chéile ar an geist tábhachtach seo.



Grianghraf ó www.ruairiquinn.ie

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

Scéalta na mBunscoileanna

Oscailt Oifigiúil Gaelscoil Dhroichead na Banndan



oibre ar son na scoile
ó 1995 anuas.

Léirigh

Caoimhín Ó
hEaghra, ard-
rúnaí an Foras
Patrúnachta,
an-sástacht go
raibh an
foirgneamh
buan ag an
nGaelscoil
anois agus
ghabh sé
comhghairdeas
le pobal na
scoile uile.
Ábhar sástacht
an-mhór é go
bhfuil daonra na
scoile ag fás agus go

Bhí ceiliúradh mór ag Gaelscoil Dhroichead na Banndan do Sheachtain na Gaeilge le hOscailt oifigiúil na scoile ar an cúigiú lá déag de Márta. Mhínigh an Cathaoirleach, Traolach Ó Donnabháin gurbh é seo an chéad uair ó bunaíodh an scoil i 1995 go raibh foirgneamh buan acu ar a suíomh féin. Ghabh sé buíochas ó chroí leis na h-iar-phríomhoidí, na h-iar-mhuinteoirí agus leis an bpríomhoide Shéan Ó Láimhín agus an fhoireann as ucht a gcuid

mbeidh dhá sheomra breise ag dul suas i rith an tSamhraidh. I láthair na hócáide bhí Maor Dhroichead na Banndan, Gillian Ní Cochláin; an Teachta Dála Seamus Ó Dálaigh agus Micheal McCartaigh maraon le Eddie McEoin ó stiúrthóireacht na nGardaí. Ghabh an Príomhoide buíochas leis na haíonna go léir, ach mheabhraigh sé gurb iad na tuismitheoirí agus na páistí na daoine is tábhachtaí sa scoil, gurbh iad croí na scoile iad.

Seachtain na Gaeilge i nGaelscoil Bhaile Munna

Bhí go leor gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl i nGaelscoil Bhaile Munna do Sheachtain na Gaeilge. Bhí Gardaí Gaeilge ag tabhairt amach ticéid do thuismitheoirí na scoile a d'úsáid Gaeilge sa chlós ar maidin agus bhí crannchur againn leo. Bhí ealaín, ceol, tráth na gceist agus go leor rudaí eile ar siúl i ngach rang. Léigh Rang 6 scéalta do na ranganna naíonáin. D'imir páistí ó Rang 2 & 3 i mBlitz iománaíochta a d'eagraigh Cumann Báire Setanta do ghaelscoileanna sa cheantar. Bhí Lá Glas againn ar an Aoine roimh Lá Fhéile Pádraig chun deireadh na coicíse gnóthaí a cheiliúradh. Ghléas na páistí suas agus bhí céilí sa chlós againn. Bhí an-spórt agus spraoi ag gach éinne sa scoil.



Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad

Scoláirí Phobalscoil na Tríonóide in Ollscoil Chorcaí

D'fhreastail 16 de lucht na hIdirbhliana i bPobalscoil na Tríonóide ar Lá na Scoláirí in Ollscoil Chorcaí le déanaí. An Chuallacht (club Gaelach san Ollscoil) a d'eagraigh an lá speisialta seo i rith Seachtain na Gaeilge chun blas a thabhairt do scoláirí ar shaol na hOllscoile trí mheán na Gaeilge. Cúig scoil ar fad a bhí ann ó chontaetha Chorcaí agus Chiarraí.

Bhí réimse breá imeachtaí eagraithe do na scoláirí. Ar maidin tugadh ar turas timpeall na hOllscoile iad. Ansin ghlac siad páirt i dtráth na gceist ina raibh scoláirí na scoileanna éagsúla meascáithe lena chéile. Ina dhiaidh sin bhí seisiún le Peadar Ó Riada ó Chúl Aodha. D'inis sé scéalta do na scoláirí agus sheinn sé roinnt port álainn ar an mbosca ceoil, ar an bhfeadóg stáin agus ar an gconsairtín. Bhain gach éinne ard-taitneamh as. Tar éis lóin chuir an Cumann Drámaíochta



dráma ar siúl dúinn a bhí thar a bheith greannmhar. Cuireadh deireadh leis an lá le Craobh Thráth na gCeist agus tugadh 'goodie bags' do gach dalta ag imeacht abhaile. D'aontaigh gach éinne gur lá iontach a bhí ann.

Céilí Beo

Ar an 15ú Márta ghlac sé scoil ó gach carn den tír páirt i mbabhta ceannais den chomórtas Beo. Bhí cuid mhór imeachtaí ar siúl i rith an lae ar nós moltóireacht, ceilí mór agus ceolchoirm. Thosaigh an lá leis an mholtóireacht le hiondaithe ón sé scoil ag cur a bpoinní trasna chuig na moltóirí chun an €5,000 de dhuais a bhaint amach.

I ndiaidh an struis uilig ón mholtóireacht, bhain na daltaí ar fad sult as an gcéilí. Bhí an RCC plódaithe le daoine agus bhí spórt agus spraoi ag gach éinne. Chuir Paddy Mc Kenna, ó 2FM agus a bhí mar mholtóir, ar a bhróga damhsa fósta agus ghlac se páirt sa chraic. Bhí duaiseanna ar fáil don damhsóir is fearr (nó is measa), agus rinne Paddy 'Twinkle Toes' Mc Kenna iad a thabhairt amach ag an deireadh.

Míle buíochas le Paddy as ucht na hoibre ar fad a rinne sé!



Ar an oíche thóg Scoil Phól ó Luimneach abhaile an príomhdhuais de €5,000 agus a bhí, gan dabht, tuitte acu. Bronnadh duais ar an cúig scoil eile fósta, Pobalscoil na Rosann, Coláiste na Carraige, Coláiste na Tríonóide, Scoil na mBráithre Phádraig agus Coláiste Naomh Cholumba. Bhí oíche ar dóigh againn uilig agus ní thig linn fanacht ar thús chomórtais Beo 2014.

Aiseolas ó rannpháirtithe 2010 - 2012

"Cúrsa den scoth a bhí ann agus beidh mé á mholadh do mhúinteoirí eile go cinnte. Chothaigh an cúrsa muinín ionam chun an Ghaeilge a mhúineadh agus bhí go leor deiseanna ann éisteacht le fuaimniú ceart na bhfocal ar fad. Ina theannta sin, bhí mé in ann a lán acmhainní úsáideacha a íoslódáil le húsáid sa seomra ranga agus fuair mé neart smaoine nua ó mhúinteoirí eile ar an bhfóram." - L.D.

"Cúrsa den chéad scoth. Leagtha amach go han-mhaith agus éasca le húsáid. An-phraicticiúil agus a lán smaoine nua le húsáid sa seomra ranga." - J.D.

"Cúrsa ar dóigh. D'fhoghlaim mé an t-uafás. Mholfainn an cúrsa go hard. Bhí an tástáil ar fheabhas, an chaoi ar tháinig na torthaí ar ais ar an toirt. Iontach ar fad." - J.Q.

Cúrsaí samhraidh ar líne



Gaeilge Phraicticiúil do Mhúinteoirí Bunscoile - Naíonáin Shóis. & Shin.

Oiriúnach do mhúinteoirí nach mbraitheann muinínach agus iad ag labhairt na Gaeilge agus ar mian leo cur lena gcuid scileanna sa teanga



Gaeilge Phraicticiúil do Mhúinteoirí Bunscoile - Rang 1 agus Rang 2

Oiriúnach do mhúinteoirí nach mbraitheann muinínach agus iad ag labhairt na Gaeilge agus ar mian leo cur lena gcuid scileanna sa teanga



Gaeilge Phraicticiúil do Mhúinteoirí Bunscoile - Rang 3 agus Rang 4

Oiriúnach do mhúinteoirí nach mbraitheann muinínach agus iad ag labhairt na Gaeilge agus ar mian leo cur lena gcuid scileanna sa teanga



Gaeilge Phraicticiúil do Mhúinteoirí Bunscoile - Rang 5 agus Rang 6

Oiriúnach do mhúinteoirí nach mbraitheann muinínach agus iad ag labhairt na Gaeilge agus ar mian leo cur lena gcuid scileanna sa teanga



Bunchúrsa Cruinnis do Mhúinteoirí Bunscoile

Dírthe ar mhúinteoirí a bhfuil caighdeán réasúnta Gaeilge labhartha acu ach ar mhaith leo cur lena scileanna scríbhneoireachta agus gramadaí



Meánchúrsa Cruinnis do Mhúinteoirí Bunscoile

Oiriúnach do mhúinteoirí a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu atá ag iarraidh díriú ar ghnéithe den ghramadach atá níos dúshlánaí ná na cinn atá i gceist sa Bhunchúrsa



Ardchúrsa Cruinnis do Mhúinteoirí Bunscoile

Dírthe ar mhúinteoirí a bhfuil eolas réasúnta maith acu ar an ngramadach ach ar mian leo díriú ar ghnéithe deacra den teanga a mbionn fadhbanna ag daoine leo



Áiseanna Teicneolaíochta Gaeilge don Seomra Ranga

Dírthe ar mhúinteoirí bunscoile a dteastaíonn uathu leas a bhaint as acmhainní agus áiseanna teicneolaíochta chun an Ghaeilge a mhúineadh agus chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge féin



Conas an Ghaeilge a Mhúineadh go hÉifeachtach sa Seomra Ranga

Dírthe ar mhúinteoirí bunscoile ar mhaith leo an Ghaeilge a mhúineadh ar bhealach níos éifeachtaí. Cuirtear ceachtanna samplacha, mar aon le físeáin, ar fáil sa chúrsa seo bunaithe ar théamaí an churaclaim

Is Mó Toirt

€75 ar gach cúrsa

- 20 uair an chloig staidéir i ngach cúrsa
- 3 lá Saoire Phearsanta Bhreise (EPV)
- 5 mhodúl i ngach cúrsa
- Ceachtanna idirghníomhacha agus aiseolas ar an toirt
- Fóram do na rannpháirtithe
- Aonad SAOR IN AISCE ó gach cúrsa

Creidimidne gur cheart go mbeadh sé spraiúil an Ghaeilge a fhoghlaim agus a mhúineadh!

Gníomhaíochtaí Gasta:
60 Gníomhaíocht
Chumarsáide don Rang
Gaeilge, leabhar nua de
chuid Ghaelchultúir,
ar fáil ag www.sioia.ie



Chun clárú, tuilleadh eolais a fháil nó triail a bhaint as aonad samplach, téigh go:

www.ranganna.com

ranganna.com
LEARN IRISH ONLINE

Gaelchultúr
11 Sráid an Chláraighe
Baile Átha Cliath 2
1890 252 900
(01) 484 5220
www.gaelchultur.com

Gaelchultúr

Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad

Baile Úrnua ag Coláiste Oiriall

Tá gach duine i gColáiste Oiriall agus Gaelscoil Ultain, Muineachán, ar bharr na gaoithe agus iad i ndiaidh bogadh chuig a mbaile nua ar Champas Oideachais Mhuineacháin. Tá ceithre chúirt peile ann agus Halla Spóirt Barry McGuigan ina bhfuil seomraí feistis agus seomraí aclaíochta. Tá dhá shaotharlann eolaíochta, dhá ríomhlann, sainseomraí lán fheistithe Eacnamaíocht Bhaile, Ealaíne, Ceoil, Adhmadóireachta, Innealtóireachta agus Grafaicí, oifigí tréadchúraim, oifig shéiplínigh, seomra comhdhála, leabharlann, seomra taispeántais/léirithe, seomra agus oifig treoirghairme, seomra agus oifig tacaíocht foghlama, seomra urnaí, stóras leabhar, seomra garchabhrach, seomra caidrimh do dhaltaí agus ceaintín.

Is mian leo uilig i gColáiste Oiriall á mórghluchoas a chur in iúl don Uas. Máirtín Ó Brien, PF. CGO Cho. Mhuineacháin a raibh an aisling aige agus a thug chun críche í in achar an-ghearr ar fad.

I nGaelscoil Ultain tá halla ilfhoirneach, Halla EmmaSinead, agus cóiríocht choimhdeach. Tá a carrchlós féin aici chomh maith le hionaid shúgartha, áit súgartha uathúil ar bharr dín, cúirteanna peile agus áit stad busanna.

Is í an Institiúid Bhreiseoideachais an foirgneamh is mó ar an suíomh— foirgneamh ina bhfuil spás do 700 mac léinn. Tá seacht saotharlann ilmheáin ann. Coinníonn Amharclann an Gharáiste suas le 300 patrún de lucht féachana. Tá muintir Mhuineacháin iontach buíoch do na comhlachtaí ar fad a bhí páirteach sa tógáil seo, an togra tógála oideachais is mó riamh sa chontae.



Guímis gach rath ar na scoileanna ina bhfoirgnimh nua.

Scléip ar an Eachréidh

Ar mhaithe le craic is spraoi a chothú i measc na ndaltaí, d'eagraigh Comhairle na nDaltaí comórtas speisialta i mbliana - *Scléip ar an Eachréidh*. Bhíodh réamhéisteachtaí eagraithe ag oifigigh Chomhairle na ndaltaí agus an comórtas talainne ag teacht le chéile. Tugadh ardán os comhair daltaí uile na scoile 'An G Fachtóir' agus é eagraithe le briseadh lár-théarma a cheiliúradh. Bhí an oiread sin




ceoltóirí, amhránaithe, drámadóirí i measc na ndaltaí gur chreid muid gur chóir duais speisialta a lorg agus *Réalta an Eachréidh* a lorg trínár gcomórtas féin a eagrú. Arís, bhí réamhéisteachtaí agus comórtas eagraithe. Rinneadh gearrliosta de na buaiteoirí agus iad páirteach i Seó na Nollag os comhair phobal uile na scoile.

Bronnadh Réalt an Eachréidh ar Sinéad Pokall as na hamhráin nua-cumtha s'aicise. Ní amháin sin ach chuaigh na buaiteoirí ar aghaidh le páirt a ghlacadh i Scléip ar bhonn náisiúnta. D'éirigh le Sinéad Pokall agus Muireann Ní Bhaoill grúpa sóisearach a bhuachan i gComórtas Scléip i mBaile Átha Cliath agus amhrán nua-cumtha á canadh acu 'Amhrán an Tae' & 'Stad Bus'. Tá na hamhráin seo le feiceáil ar Youtube anois. Chuaigh na cailíní ar chamchuairt ar na scoileanna i gcomharsanacht Átha an Rí agus iad ag casadh go poiblí ag Cros an Mhargaidh mar chuid d'imeachtaí Lá Pádraig i lár an bhaile.

Nuacht na hEagraíochta

Sraith seimineáir oiliúna ar an aistriú ón naionra chuig an ngaelscoil



Tá Forbairt Naíonraí Teoranta ag eagrú **Sraith Seimineár** thar trí Shatharn ar **Aistrithe: ón Naionra go dtí an ghaelscoil** le tacaíocht ó Gaelscoileanna Teo.

Tá an tsraith dírithe ar ar Aistrithe trí fheidhmiú An Traein agus i gcomhthéacs Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige agus Síolta: An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige. Dhírigh an chéad Seimineár a bhí ar siúl cheana ar An Traein go príomha agus cé go mbeidh an chéad dhá Sheimineár eile ag plé

le haiseolas na rannpháirtithe i dtaobh An Traein a fheidhmiú beidh seo á nascadh níos mó le cúrsaí Aistear agus Síolta.

Beidh an chéad dá sheimineár eile ar siúl ar an **11 Bealtaine** agus an **8 Meitheamh** i gConradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Níl ach costas €30 ar an sraith – tapaigh an deis!

Is féidir clárú leis an dá Seimineár deireanach ar líne ag an nasc thíos nó trí teagmháil a dhéanamh le Seán Ó hAdhmaill ag sean@naionrai.ie nó ag 01-8535142.

<http://www.naionrai.ie/ga/imeachtaí/aistrithe-traein-3>

Comhdháil Bhliantúil 2013 – ceiliúradh 40 bliain na heagraíochta!

Beidh deis mór ceiliúrtha againn i mbliana ag an gComhdháil Bhliantúil os rud é go mbeidh GAELSCOILEANNA TEO. 40 bliain d'aois. Tá áthas orainn a chur in iúl go mbeidh Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins, inár dteannta.

Beidh an chomhdháil ar siúl ar an 22 agus 23 Samhain 2013 in Óstán an Johnstown House ar an mBóthar Buí, Co. na Mí. Táimid ag súil le slua mór don cheiliúradh speisialta.




Múinteoirí ag freastal ar Chomhdháil GAELSCOILEANNA TEO. i 2012 a bhí ar siúl i nGaillimh

AR FÁIL ANOIS . . .

DÉAN DRÁMA 1

Ceoldrámaí aon mhír agus amhráin nuachumtha do na bunranganna le Fil Uí Dhubhghaill agus Mícheál Ó Dubhghaill



~~€30~~

€20
Praghas
speisialta

- Trí dhráma nuachumtha, péire acu bunaithe ar na scéalta Na Trí Mhuicín agus Seán agus an Gas Pónaire, chomh maith le dráma Nollag
- Nótaí don mhúinteoir maidir le léiriú, stáitsiú, cultacha, seit agus roghnú na gearachtar
- Nodaireacht cheoil don phianó agus don ghiotár
- le trí dhlúthdhiosca - na hamhráin ceolta ag Mícheál Ó Dubhghaill agus fuaimrian (backing track) le gach amhrán freisin

foilsithe ag:

CLÓ IAR-CHONNACHT

www.cic.ie eolas@cic.ie

Foilsithe le tacaíocht ó COGG

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta



Pleanáil Scoileanna

Gaelscoil nua ar na bacáin i mBiorra

Foilsíodh torthaí suirbhéanna a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le pátrúnacht bhunscoileanna i 38 baile ar fud na tíre le déanaí. Tá moltaí déanta ag an Roinn maidir le bunú scoileanna nua faoi phátrúnachtaí éagsúla i 23 cheantar dóibh, gaelscoil nua ilchreidmheach i mBiorra ina measc. Tá bunscoileanna lán-Ghaeilge ar fáil i 30 ceantar as 38 a rinneadh suirbhé orthu. Beidh an ghaelscoil ilchreidmheach nua atá le bunú i mBiorra faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta.

Is cúis áthais agus bród do mhuintir Biorra go bhfuil aitheantas tugtha ag an Roinn don éileamh suntasach atá ar oideachas lán-Ghaeilge ann. Tá an grúpa pobail, Biorra le Gaeilge, (sa ghrianghraf) ag feidhmiú sa cheantar le blianta beaga anuas leis an teanga a chur chun cinn; tá naíonra Nóníní Beaga faoi bhláth agus bíonn campaí samhraidh agus ranganna Gaeilge á reáchtáil acu.

Ní fios go fóill cathain a mbeidh an scoil nua i mBiorra ag oscailt. Tá an Roinn i mbun comhairliúcháin le pátrúin na scoileanna fad-bhunaithe ann le féidearthachtaí maidir le hath-eagar agus cóiríocht na scoileanna reatha a chioradh, ach beimis ag súil leis go mbeidh céad lá scoile na Nóníní Beaga i ngaelscoil nua an bhaile, agus go dtabharfaidh próiseas nua seo na Roinne deis do phobail eile scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú amach anseo.



Ceantair fógartha do scoileanna nua i 2014

D'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí go mbeidh ceithre bhunscoil nua le bunú i 2014, i Mainistir na Corann/ Carraig Thuathail, Corcaigh; Sord, Baile Átha Cliath; Cnoc na Cathrach, Gaillimh agus Dumhach Thrá/An Rinn, Baile Átha Cliath Theas. Tá na scoileanna nua seo le bunú toisc an ró-éileamh ar áiteanna bunscoile i gcoitinne sna ceantair faoi chaibidil, agus ní fios go fóill cén sainmheon teanga nó creidimh a bheidh acu. Tá cuireadh tugtha ag an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, do na pátrúin éagsúla iarratais a dhéanamh ar phátrúnacht na scoileanna nua sa cheithre cheantar.

Leagadh síos critéir maidir le bunú scoileanna nua i 2011 agus mar chuid den phróiseas, is gá go léireodh pátrúin ionchasacha go bhfuil éileamh ar an gcineál scoile atá beartaithe acu i measc tuismitheoirí an cheantair. Freisin is gá go gcuirfeadh an scoil nua le rogha na héagsúlachta sa cheantar, agus go mbeidh sí in ann freastal ar an bpobal ann. Chuige seo,

beidh comhairliúchán poiblí ar siúl ag na pátrúin agus foilseofar sonraí maidir le cruinnithe, ceistneoirí nó eile ar www.gaelscoileanna.ie le linn an phróisis, le cinntiú go mbeidh pobal na gaelscolaíochta san áireamh sa phlé. An spriocdháta d'iarratais ó phátrúin ionchasacha ná an 14 Meitheamh 2013.

Bunaithe ar iarratais na bpátrún, cuirfidh an Grúpa um Bunú Scoileanna Nua comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna agus déanfaidh an Roinn cinneadh maidir le pátrúin agus sainmheoin teanga agus creidimh na scoileanna nua. Tá breis eolais maidir leis an bpróiseas ar www.gaelscoileanna.ie agus www.education.ie agus tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn má tá aon cheist agat ina leith. Beidh Gaelscoileanna Teo. ag obair i gcomhar leis na scoileanna, na pátrúin, na pobail agus an Roinn le cinntiú go mbeidh soláthar gaelscolaíochta (idir reatha agus éilithe) san áireamh sa phleanáil chun cinn.

Dianchúrsa Gaeilge

do mhúinteoirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

- Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid gramadaí?
- Ar mhaith leat bheith níos líofa sa rang?
- Ar mhaith leat mioneolas faoi théarmaíocht ábhair?
- Ar mhaith leat cuidiú a fháil le nótaí/tuairiscí a scríobh nó le labhairt le tuismitheoirí?
- Seo an cúrsa duit!

Luan 12 – Aoine 16 Lúnasa 2013

**Coláiste de hÍde
Tamhlacht,
Co. Átha Cliath**

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Tuilleadh eolais:
eolas@cogg.ie
01 6340831

Níl aon táille ar an gcúrsa seo

Gailearaí



Ceolchoirm an Earraigh i nGael scoil Chaladh an Treoigh le daltaí agus baill foirne ag seinm. Ócáid chultúrtha den chéad scoth a bhí ann le buanna na ngasúr & baill foirne éagsúla le feiceáil go soiléir.



Grúpa de dhaltai ó Ghaelcholáiste Luimnigh a fuair aitheantas speisialta ó Scoil Ghnó Kemmy in Ollscoil Luimnigh as a gcuid éachtaí den scoth, na gráid is airde gur féidir a bhaint amach sa scrúdú Staidéar Gnó sa Teastas Sóisearach 2011/12. Labhair fathach foireann rugbaí na Mumhan, Paul O Connell, go hinspiráideach ar an oíche faoin tábhacht a bhaineann le spriocanna a leagadh síos agus a bheith dírithe ar iad a bhaint amach. D'eachtraigh sé scéalta pearsanta maidir lena ghairm féin agus léirigh sé nach bhfuil aon toradh gan obair chrua. 'Ag Forbairt Le Chéile' is ea manna na scoile agus léiríonn na torthaí seo an obair iontach atá ar siúl ag pobal uile Gaelcholáiste Luimnigh leis na blianta beaga anuas.



Scoláirí idirbhliana Choláiste Phobail Osraí, Cill Chainnigh, a bhuaigh an tríú duais i Roinn A (do scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc) de Chomórtas Clár Raidió Gael Linn.



Ag freastal ar Oiliúint Bord Bainistíochta le déanaí: Aisling Breathnach, Scoil Chaitlín Maude, Máirín Ní Chéileachair (oiliúnóir), Gaelscoil Uí Fhiaich, Siobhán Mhic Gearailt, Scoil Chrónain, Jackie Ní Shúilleabháin, Scoil Chaitlín Maude, Bairbre Ní Ghoill, Scoil Chaitlín Maude, Seán de Paor (oiliúnóir), Gaelscoil Chill Dara.

De réir a Chéile a Thógtar Caisleán



Bunaíodh Gaelscoil Phortlaoise sa bhliain 1998 le 12 páistí agus múinteoir amháin. Is Gaelscoil sinn le héiteas Caitliceach. Thosaíomar i gClub na nOifigeach Príosúnaigh. Chaitheamar cúpla bliain san Ionad CLG Phortlaoise agus 3 bliana i nGort na bhFraoch, Bóthar Átha Cliath sna seomraí réamhdhéanta. An bhliain seo chugainn beimid ag tosú inár suíomh nua i gCnoc an tSamhraidh, áit a mbeidh 16 seomra ranga, dhá oifig riaracháin,

6 seomra oideachais speisialta, leabharlann agus halla breá mór. Ní aithneoidimid sinn féin! Beidh 253 páiste cláraithe ag Gaelscoil Phortlaoise sa scoilbhliain 2013/2014. Beidh 12 múinteoirí, 4 cúntóirí, rúnaí, glantóir agus príomhoide againn.

Cé go mbeidh sé deacair orainn bogadh arís, is fiú é!

Ábhar Saor in Aisce ón Oifig

- Pacáistí eolais Gaeilge / Béarla *'Buneolas ar an nGaelscolaíocht'*
- DVD: *'Buneolas ar an nGaelscolaíocht'*
- Bileog luath-thumoideachais
- Bileoga tumoideachais Gaeilge / Rómáinis, Fraincis, Portaingéilis, Polainnis, Rúisis
- Bileoga iar-bhunscoile Gaeilge / Béarla
- Ár bPolasaí Gaeilge

Glaigh ar oifig GAELSCOILEANNA TEO.
ar 01-8535195 nó seol ríomhphost chuig
oifig@gaelscoileanna.ie chun iad a ordú.

Cláraigh don tseirbhís
nuachta le ríomhphost
laethúil a fháil:
www.gaelscoileanna.ie



MÍOSACHÁN LITEARTHA NA GAEILGE!

REIVIÚ DEN SMAOINTEACHAS ÉIREANNACH,
LITRÍOCHT, POLAITÍOCHT, EOLAÍOCHT.

Ar fáil in aghaidh na míosa ó:

Donnchadh Ó hAodha, Cúil Aodha, Maigh Chromtha Co. Chorcaí.

353-(0)87-2421267

Síntiús bliana: €75 Éire & an Eoraip (€100 lasmuigh den Eoraip)

Seol Feasta chugam le'd thoil.

Seic iníoctha le 'FEASTA' ar €

Ainm & Sloinne (Bloclitreacha):

.....

Seoladh:

.....

.....

.....

.....

Fón: Ríomhphost:



Nuacht na hEarnála Oideachais

Ré Nua don Oideachas Lán-Ghaeilge -

M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge i gColáiste Mhuire gan Smál

Cuirfear tús le clár iarchéime nua, *M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge* i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach i Meán Fómhair 2013. Beidh an clár cumaisc foghlama seo curtha ar fáil ar bhonn páirtaimseartha thar thréimhse dhá bhliain acadúla, agus an chéad chohórt ag baint amach a gcéime i bhfómhar na bliana 2015.

Sa chlár nuálach seo díreofar ar oideolaíocht agus teoiric an tumoideachais agus an dátheangachais ag tagairt go sonrach do riachtanais um fhorbairt ghairmiúil agus d'inniúlachtaí teangeolaíochta na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Don chéad uair i bPoblacht na hÉireann, beidh clár ilchodach le sraith modúl atá comhtháite, comhleanúnach agus idirghaolmhar curtha ar fáil le freastal go sonrach ar oideoirí tumoideachais agus ar ghairmithe eile a bhíonn ag obair i réimse an oideachais lán-Ghaeilge.

Beidh an fhoghlaim chumaisc mar ghné lárnach den chlár, i. cuid den chlár curtha ar fáil ar líne agus an chuid eile curtha ar fáil ar láthair ag an deireadh seachtaine – 6.30i.n. – 9.30i.n. ar an Aoine agus 9.30r.n. – 12.30i.n. ar an Satharn. Cuirfear soláthar for-rochtana san áireamh ag brath ar riachtanais na mac léinn. Is é a bheidh i gceist le gné foghlama ar an láthair de mhodúil áirithe ná seimineár ar feadh deireadh seachtaine a reáchtálfar sa Ghaeltacht.

Beidh an M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge curtha ar fáil ar bhonn uaireanta foghlaim-threoraithe, seimineár ar líne agus ar láthair, taithí phraiticiúil agus scoil samhraidh. Beidh taighdeoirí tábhachtacha idirnáisiúnta ag plé torthaí agus saincheistean nua i réimse an tumoideachais, an oideachais dhátheangaigh agus an dara teanga ar líne leis na mic léinn le linn an chlár.

Glacfar suas le **fiche duine** ar an gclár sa bhliain acadúil 2013/2014. Glacfar le h-iarraitais ón lá inniu suas go dtí **31 Bealtaine 2013**. Tá an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun **fiche scoláireacht dar luach €2,000 in aghaidh na bliana** gach bliain thar thréimhse dhá bhliain acadúla a bhronnadh ar mhic léinn a chláróidh ar an gclár seo sa bhliain 2013/2014.

Cuirfear fáilte mhór roimh phlé neamhfhoirmeálta roimh iarratas a chur isteach. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le T.J. Ó Ceallaigh, Comhordaitheoir an Chláir nó le lár-oifig iontrála an choláiste ag na sonraí thíos:

T.J. Ó CEALLAIGH

T +353 61 204325

R tj.ocaellaigh@mic.ul.ie

W <http://goo.gl/4VvBW>

*

LÁR-OIFIG IONTRÁLA

R admissions@mic.ul.ie

- Clár nua cumaisc foghlama trasearnála
- Clárúchán ar siúl anois don bhliain acadúil 2013/2014
- Sparántachtaí taighde ar fáil.



M.Oid.

san Oideachas Lán-Ghaeilge





Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

T.J. Ó CEALLAIGH
Comhordaitheoir an Chláir

An Binn Teanga, Litréachta agus Matáideas chais
COLÁISTE MUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH
An Cuairtshíle, Theas,
Luimneach, Éire.
T. +353 61 204325
R. tj.ocaellaigh@mic.ul.ie
W. <http://goo.gl/4VvBW>



COLÁISTE MUIRE GAN SMÁL
UNIVERSITY OF LIMERICK
MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Seo é do sheans

Tá réimse leathan cúrsaí fochéime agus iarchéime á dtairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.



Chun breis eolais a fháil, déan teagmháil le:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: 091 595101 / Facs: 091 595041

Ríomhphost: caroline.nifhlatharta@oegaillimh.ie Idirlíon: www.acadamh.ie

Nuacht Ginearálta

Turais Scoile na nGaelscoileanna



- Ceardlanna Drámaíochta, Drumaíochta, Amhránaíochta & Damhsa
- Tráth na gCeist
- Múineadh Rincí & Céilí
- Imeachtaí Spráilú

Tá dataí faoi leith dírithe ar dhaltai na nGaelscoileanna:

Céadaoin	22/05/2013	Rang a 3 & 4
Déardaoin	23/05/2013	Rang a 4 & 5
Aoine	24/05/2013	Rang a 5 & 6

Beidh turais scoile na nGaelscoileanna á reáchtáil i mbliana in Ionad Náisiúnta Óige na hÉireann, Droim Rí, Co. na Mí. Is turas é seo atá á reáchtáil ag Coláiste na bhFIANN le trí bliana anuas go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tugann sé deis iontach do pháistí na nGaelscoileanna éagsúla bualadh lena chéile agus an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh de gheataí na scoile.

I measc na n-imeachtaí a bhíonn ar siúl ar na turais scoile áirítear:

Má tá ceist ar bith agat nó ag múinteoirí na scoile faoi na turais seo, nó más mian libh folúntais ar dháta faoi leith a fhiosrú, ní gá ach teagmháil a dhéanamh le Traic Ó Braonáin ag traic@cnb.ie nó 01-8259342.

<http://www.colaitenabhfiann.ie/>

Scéim GNÓ Foras na Gaeilge

An bhfuil acmhainní don seomra ranga in úsáid i do scoil nach bhfuil ar fáil i nGaeilge, ach gur fiú dóibh a bheith? Is féidir go mbeadh gnólachtaí a chuireann acmhainní ranga ar fáil i dteideal deontas leis na hacmhainní a fhorbairt i nGaeilge, ach teagmháil a dhéanamh le Foras na Gaeilge.

Cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht mhaoinithe ar fáil tríd an 'Scéim um Ábhair Dhátheangacha'. D'fhiontair thráchtála amháin atá an maoiniú seo ar fáil agus ar bhonn maoiniú meaitseála 50:50 idir an t-iarrthóir agus Foras na Gaeilge a bhronnfar an deontas. Is é an t-uasmhéid atá ar fáil faoin scéim seo ná €1,000/£750. Tá an scéim seo dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide amháin (faoi bhun 50 fhostaí) agus ní chuirfidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar fáil sa chás go bhfuil tionscnamh mar seo á mhaoiniú cheana féin ag eagrais eile stáit.

Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas don tréimhse maoinithe reatha ná **28 Meitheamh 2013**. Tá teorainn le líon na n-iarratas ar féidir le Foras na Gaeilge glacadh leo, agus ní ghlacfar ach le hiarratas amháin ó gach fiontar. Ceadófar maoiniú ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce, ach critéir na scéime a bheith comhlíonta. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil chomh maith le foirm iarratais ar www.gaeilge.ie nó trí teagmháil a dhéanamh le gno@forasnagaeilge.ie.





Mionteanga, Mórscéalta

An Tríú Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg

Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
20-21 Meán Fómhair 2013

Tá níos mó béime á leagan le tamall anuas ar litríocht agus cultúr grúpaí atá ar imeall na sochaí. Dá thoradh sin, tá forbairt mhór tagtha go hidirnáisiúnta ar léann litríocht agus chultúr na n-óg. Ach cén tionchar atá ag mionteangacha ar nós na Gaeilge ar ár dtuiscintí ar chultúr na n-óg in Éirinn agus san Eoraip?

Tá sé mar aidhm ag an Tríú Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg plé a spreagadh i measc oideachasóirí, scoláirí, foilsitheoirí, aistritheoirí, ealaíontóirí den uile chineál agus daoine eile a bhfuil spéis acu i litríocht agus i gcultúr na n-óg. Direofar ar stair chultúr Gaelach na n-óg, ar an suíomh reatha, agus ar dhúshláin na todhchaí.

Iarrtar ar dhaoine a bhfuil spéis acu caint a thabhairt ar aon ghné de litríocht nó de chultúr na n-óg, teideal na cainte agus achoimre ar an ábhar a thabhairt isteach.

D'fhéadfadh na hábhair seo a leanas a bheith i gceist, ach glacfar le hábhair eile freisin: Filíocht, Rannta, Amhráin, Greannáin agus Coimicí don Óige; An Ghaeilge agus Eagraíochtaí Cultúrtha don Óige; An drámaíocht don óige; Foilsitheoirí & Foilsitheoireacht; Litríocht agus Cultúr na nÓg i siollabais na Gaeilge sna hollscoileanna; An phiseog i litríocht Ghaeilge na n-óg; An Eoraip agus litríocht na Gaeilge; An Teicneolaíocht i litríocht agus i gcultúr na n-óg.

Seol teideal an pháipéir, achoimre (250 focal) agus beathaisnéis (50 focal) chuig litriochtnanog13@gmail.com roimh 5ín ar an 14 Meitheamh, 2013.
Tuilleadh eolais: <http://litriochtnanog.blogspot.com>

Riarthóirí na Comhdhála: Claire Dunne, Caoimhe Nic Lochlainn,
Órla Ní Chuilleanáin, Riona Nic Congáil, Róisín Adams.



Nuacht Ginearálta

Siansa Gael Linn 2013 buaite ag ceoltóirí na Rinne!



agus Breandán Ó Beaglaoich a thit sé na duaiseoirí a roghnú. Bhí an-cheliúradh i measc a lucht tacaíochta nuair a fógraíodh gurbh iad *Nuada* na curaidh! Sa dara háit, bhí *Frioscaí* ó Ráth Éanna agus chuaigh an tríú háit chuig an ngrúpa ó Choláistí Eoin agus Íosagáin, Baile Átha Cliath, *Na Fataí Fánacha*. Bhronn an tUachtarán trófaí Gael Linn ar na buaiteoirí, *Nuada*, agus teastais ar na duaiseoirí eile, *Frioscaí* agus *Na Fataí Fánacha*.

Fuair na grúpaí buacacha, chomh maith, duaiseanna de €2,500 don chéad áit, €1,250 don dara háit agus €750 don tríú háit

Is iad an grúpa *Nuada* ó Mheánscoil San Nioclás, An Rinn, Co. Phort Láirge, buaiteoirí Siansa Gael Linn 2013! Ag an ggraobhchomórtas sa Cheoláras Náisiúnta ar an Domhnach, 14 Aibreán, ag a raibh Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn mar phríomhghaí, roghnaíodh mar churaidh iad as ocht ngrúpa d'ard-chaighdeán don ghradam mór seo! Tá Siansa á reáchtáil ag Gael Linn ó 2001 i leith, le tacaíocht ó RTÉ Raidió na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus ó Irish Music Magazine, agus é ar cheann de phríomh-chomórtais cheoil agus amhránaíochta na tíre.

agus eiseoidh an t-eagras dlúthdhiosca leis na grúpaí seo go luath. Anuas air sin, bronnadh duais chuimhneacháin ar gach ceoltóir a bhí páirteach sa Chraobh. Bhí clár speisialta ar TG4, Dé Céadaoin, 24 Aibreán, agus tá an léiriú ó gach grúpa le feiceáil chomh maith ar YouTube.

Agus é ag glacadh buíochais le RTÉ Raidió na Gaeltachta, le Foras na Gaeilge agus le Irish Music Magazine as a dtacaíocht don chomórtas, dúirt Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn:

Tá an comórtas Siansa Gael Linn anois ar cheann de na mórimeachtaí ar fhéilire na gceoltóirí óga. Agus Gael Linn ag ceiliúradh 60 bliain a bhunaithe, is údar sásaimh a bhfuil á bhaint amach againn i réimse an cheoil. I dteannta scoth an cheoil, cinntíonn Siansa go mbíonn an Ghaeilge i lár an aonaigh.

Is í Áine Hensey ó RTÉ Raidió na Gaeltachta a rinne sáróbair den chur i láthair ar an oíche agus rinne an stáisiún craoladh beo ar an gceolchoirm. Chuir gach grúpa, *Frioscaí* agus *Na Fataí Fánacha* ó Bhaile Átha Cliath, mar aon le *Spréach* ó Shligeach, *Cumasc* ó Cho. na Gaillimhe, *Cóiriú* ó Mhachaire Fíolta, Co. Dhoire, agus dhá ghrúpa de bhunadh Luimnigh, *Éile* agus *Anois is Arís*, taispeántas iontach os comhair an tslua ollmhóir a bhí i láthair. Bhí géar-iomaíocht eatarthu don duais-chiste €4,500 agus is ar na ceoltóirí iomráiteacha Mary Bergin, Ciarán Ó Maonaigh

www.gael-linn.ie

Féile na Meán Ceilteach

Duais do Scéal na Gaeilge

Tá an duais don tsraith is fearr sa rannóg 'factual entertainment' ag Féile na Meán Ceilteach buaite ag Scéal na Gaeilge, dhá chlár faisnéise a leanann aistear na teanga ó thús ama go dtí an lá atá inniu ann. Tríd meascán míreanna beochan, cúlraí scáthlán glas agus taifeadadh ag láithreacha stairiúla, nochtann an tsraith seo stair na Gaeilge le radharc spráil ar na scéalta stairiúla agus miotasacha a bhaineann léi.

Físiúil, úr agus bríomhar, tá Scéal na Gaeilge curtha i láthair agus scríofa ag Alan Titley, stiúrtha ag Diarmuid Goggins agus léirithe ag Ciarán Ó Cofaigh do ROSG.

Is é an sprioc atá ag Féile na Meán Ceilteach ná ceiliúradh a dhéanamh ar scannáin, cláir teilifíse, cláir raidió agus na meáin úra a chuireann cultúir agus teangacha ó na tíortha ceilteacha chun cinn. Tá gradam bainte amach ag Scéal na Gaeilge cheana don tsraith is fearr ag Gradaim Chumarsáide an



Oireachtais agus fuair sé ainmniúchán do na hIFTAs. Bhí Scéal na Gaeilge maoinithe ag TG4, An BAI, Foras na Gaeilge agus ROSG.

Le haghaidh fiosrúcháin poiblíochta, téigh i dteagmháil le do thoil le Julianne Ní Chonchobhair: julianne@milefailte.ie

Gradam 'Stáisiún Raidió na Bliana' do Raidió na Life

Tá gradam 'Stáisiún Raidió na Bliana' buaite ag Raidió na Life i nGradaim na Meán Ceilteach 2013. Bíonn iomaíocht ghéar ag an bhféile le mórchraoltóirí as Éirinn, Albain, An Bhreatain Bheag, Sasana agus an Fhrainc – leithéidí RTÉ, BBC & TG4 go háirithe – san iomaíocht le cláir & ábhair atá léirithe i nGaeilge, i nGàidhlig na hAlban, i gCoirnis, Breatnais, Briotáinis, Manainnis, Fraincis agus i mBéarla.

Arsa Muiris Ó Fiannachta, Bainisteoir Raidió na Life: "Tá ríméad an domhain orainn Raidió na Life a bheith roghnaithe mar Stáisiún Raidió na Bliana ag Féile na Meán Ceilteach 2013, an chéad uair i stair 34 bliain na féile gur éirigh le stáisiún raidió pobail an teideal a ghnóthú. Is é seo an gradam céanna atá



buaite ag RTÉ Radio 1 agus ag ár gcairde in RTÉ Raidió na Gaeltachta roimhe seo. Ábhar bróid dochreidte dúinn is ea é."

"Le foireann bheag agus acmhainní teoranta, táimid fíor-fíor-bhródúil gur féidir linn i Raidió na Life seasamh taobh le taobh le leithéidí RTÉ Raidió na Gaeltachta, BBC Radio Wales, BBC Radio nan Gàidheal agus BBC Radio Cymru - stáisiún eile a bhí ainmnithe don ghradam seo i mbliana. Is ar éigean gur féidir linn a chreidiúint gur bronnadh an gradam seo orainne agus muid san ardchomhlúadar sin. Gabhaimid buíochas speisialta ó chróí leis na saorálaithe go léir a thugann a gcuid ama saor in aisce do Raidió na Life gach seachtain chun seirbhís raidió comhaimseartha den chéad scoth a sholáthar trí Ghaeilge do mhórchéantar Átha Cliath agus tríd an mbeoshruthú idirlín agus trí aip úrnua an stáisiúin freisin," a dúirt Ó Fiannachta, "Táimid 20 Bliain Beo! Go mba fada buan Raidió na Life, Cuisle na Cathrach – Stáisiún Raidió na Bliana!"

Acmhainní

Féile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath san Áirc

Beidh Féile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath ar siúl ar an 20ú & 21ú Bealtaine i gcomhar le hIMRAM, Féile Litríochta na Gaeilge

Ceardlann Filíochta le hÁine Ní Ghlinn

Ranganna 4-6 (aois 9-12)

Dáta: Luan 20 Bealtaine

Am: 10.15 - 11.30 r.n

Agus í ag baint inspioráide as an obair shuiteála *Crainn na Filíochta* de chuid na hÁirce, cabhróidh Áine Ní Ghlinn, file agus scríbhneoir ficsin aitheanta, leis an rang chun filíocht a chumadh. Cá bhfios cé mhéad duilleog filíochta nua a fhásfaidh ar an gcrann sa cheardlann seo?

Lísín - Scoil na bPáistí le Patricia Forde agus Tadhg Mac Dhonnagáin

Ranganna 1 – 3 (aois 7-9)

Dáta: Luan 20 Bealtaine

Am: 10.30 - 11.30 r.n

Bígy linn le Patricia Forde agus scéal Lísín á insint aici, Scoil na bPáistí Deasa. Foghláí Mara is ea Lísín agus cuirtear brú uirthi freastal ar scoil. Tá a cuid comhghleacaithe

saghas ardnósach ach tá sí deimhin de go múinfidh sí saol na bhfoghlaithe mara dóibh. Cloisfear amhráin tríd síos ó Thadhg Mac Dhonnagáin. Tá léaráidí gleoite san fhoilseachán nua seo.

Tuatha Dé Danann: Scéalta le Diarmuid de Faoite

Ranganna 1-3 (aois 7-9)

Dáta: Dé Máirt 21ú Bealtaine

Am: 10.30 – 11.30 r.n

Aisteoir, scríbhneoir agus scéalaí nótaílte é Diarmuid de Faoite. Bí ina theannta le haghaidh scéalta breátha a bhaineann le Tuatha Dé Danann, scéalta as an Leabhar Gabhála agus léaráidí áille le Domhnall Ó Bric mar chúlra.

Ionad Áirc

Ticéid €4

Rphost: boxoffice@ark.ie

Fón: 01-670 7788



Ranganna, tionscnaimh & ceardlanna ceoil trí Ghaeilge



Cuireann 'An Mobile Music School' cláir ceoil, ranganna dírithe ar na huirlisí agus ceardlanna ar fáil i scoileanna. Tá foireann phroifisiúnta,

cáilithe ann le taithí iontach. Bheadh an fhoireann sásta na ranganna a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Is minic a bhíonn an fhoireann i dteagmháil le scoileanna agus go dtí seo, tá suim mhór léirithe ag scoileanna sna ranganna atá á gcur ar fáil.

Ba bhreá linn deis a fháil labhairt le scoileanna agus cúpla rang nó ceardlann a chur ar siúl ann.

Faoi láthair, tá dhá thairiscint iontach á chur ar fáil againn. Táimid ag súil le 'Lá na nDrumaí' a chur ar siúl i scoileanna. Cosnaíonn na laethanta seo €2 an dalta ar an mbúnus go bhfuil idir 27 - 32 dalta i ngach rang. Ina theannta sin, is féidir linn cláir seachtainiúil a chur le chéile ó €1 an dalta.

Má tá spéis agat na ceardlanna nó na ranganna seo a chur ar siúl, ná bíodh drogall ar bith ort dul i dteagmháil linn. Bheadh muid an-sásta glacadh le ceisteanna agus tá an fhoireann ag súil go mór le cloisteáil uait.

www.mobilemusicschool.ie

shay@mobilemusicschool.ie